Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0394(COD)**

**15557/22**
**ADD 2**

**CLIMA 641**
**ENV 1240**
**AGRI 690**
**FORETS 129**
**ENER 650**
**IND 526**
**COMPET 983**
**CODEC 1902**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 672 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaigh aistrithe carbóin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 672 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 672 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 672 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaigh aistrithe carbóin**

{SEC(2022) 423 final} - {SWD(2022) 377 final} - {SWD(2022) 378 final}

## IARSCRÍBHINN II

### An fhaisnéis íosta a áirítear sa deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 9

Áireofar an fhaisnéis íosta seo a leanas sa deimhniú:

(a) ainm agus cineál na gníomhaíochta aistrithe carbóin, lena n-áirítear ainm agus sonraí teagmhála an oibreora nó an ghrúpa oibreoirí;

(b) suíomh na gníomhaíochta aistrithe carbóin, lena n-áirítear suíomh sainráite geografach theorainneacha na gníomhaíochta, agus ceanglais scála mapála 1:5000 maidir leis an mBallstát á n-urramú;

(c) dáta tosaigh agus dáta deiridh na gníomhaíochta aistrithe carbóin;

(d) ainm na scéime deimhniúcháin;

(e) ainm agus seoladh an chomhlachta deimhniúcháin agus an lógó;

(f) uimhir nó cód (uathúil) an deimhnithe;

(g) áit agus dáta eisiúna an deimhnithe;

(h) tagairt don mhodheolaíocht deimhniúcháin is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 8;

(i) an glantairbhe aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

(j) na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a);

(k) na haistrithe iomlána carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b);

(l) an méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c);

(m) miondealú de réir gás, foinsí, linnte carbóin agus stoc maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (j), (k) agus (l) den Iarscríbhinn seo;

(n) fad thréimhse faireacháin na gníomhaíochta aistrithe carbóin;

(o) aon chomhthairbhe inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3);

(p) tagairt d’aon deimhniú aistrithe carbóin eile.